Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Aibreán 2026
(OR. en)

17037/25
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0226(COD)

AGRI 736
AGRILEG 210
ENV 1429
PI 233
CODEC 2178

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 <br> – Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 5 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún togra reachtach le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus beatha[1]. Cuireadh an togra faoi bhráid na Comhairle an 6 Iúil 2023.

2. Is ar Airteagail 43, 114 agus 168(4)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (gnáthnós imeachta reachtach) atá an togra bunaithe.

[1] 11592/23+ ADD 1

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus le Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) araon. Thug CESE a thuairim uaidh an 26 Deireadh Fómhair 2023[2]. Thug CnaR a thuairim uaidh an 17 Aibreán 2024[3].

4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) atá an phríomhfhreagracht, agus tá baint ag an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) leis. Athcheapadh Jessica Polfjärd (PPE, an tSualainn) mar rapóirtéir. Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024[4].

5. Cuireadh an togra agus an measúnú tionchair ábhartha i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Acmhainní Géiniteacha agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht (Nuálaíocht sa Talmhaíocht) an 10 Iúil 2023. Lean an Mheitheal den scrúdú ar an togra le linn 16 gcruinniú breise faoi Uachtaránacht na Spáinne, na Beilge, na hUngáire agus na Polainne.

6. An 14 Márta 2025, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le sainordú don Uachtaránacht chun dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa[5]. Ar an mbonn sin, chuathas i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh. An 12 Samhain 2025, thug Coiste na mBuanionadaithe solúbthachtaí don Uachtaránacht maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach[6].

7. Tionóladh cruinnithe tríthaobhacha an 6 Bealtaine, an 14 Deireadh Fómhair, an 13 Samhain agus an 3 Nollaig 2025 faoi Uachtaránacht na Polainne agus Uachtaránacht na Danmhairge. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach foriomlán ag an gcruinniú tríthaobhach deireanach. Rinneadh an comhaontú sin a chomhdhlúthú ina dhiaidh sin i dtéacs comhréitigh críochnaitheach.

---

[2] 14926/23
[3] 9226/24
[4] 10952/24
[5] 6426/25
[6] 14579/25

8. An 19 Nollaig 2025, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach agus dhearbhaigh sé gur aontaigh sé leis[7].

9. An 28 Eanáir 2026, vótáil Coiste ENVI Pharlaimint na hEorpa i bhfabhar an téacs a comhaontaíodh. An 28 Eanáir 2026, sheol Cathaoirleach Choiste ENVI litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe[8] inar cuireadh in iúl, má dhéanann an Chomhairle an seasamh uaithi a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa mar a comhaontaíodh, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch, go molfaidh sé don suí iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle gan leasú ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa. Comhfhreagraíonn an téacs atá i gceangal leis an litir don téacs lenar thacaigh Coiste na mBuanionadaithe an 19 Nollaig 2025.

## II. <u>CUSPÓIR</u>

10. Ó glacadh reachtaíocht reatha an Aontais maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) in 2001, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le teicnící géanómaíocha nua (TGNanna) a fhorbairt, lenar féidir athruithe níos spriocdhírithe, níos beaichte agus níos tapúla a dhéanamh ar shaintréithe géiniteacha plandaí, le hais gnáththeicnící pórúcháin.

11. Is é is aidhm don togra é a chur ar chumas earnáil agraibhia an Aontais rannchuidiú le cuspóirí nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na straitéisí bithéagsúlachta, chomh maith le hiomaíochas na hearnála a fheabhsú, agus leibhéal ard cosanta sláinte agus comhshaoil á choinneáil ag an am céanna.

---

[7] 16659/25, 16660/25
[8] 6131/26

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

12. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

13. Caomhnaítear **struchtúr foriomlán** an togra ón gCoimisiún, agus idirdhealú á dhéanamh idir dhá chatagóir éagsúla de phlandaí TGN.

14. Is éard atá i gCatagóir 1 ná plandaí TGN atá coibhéiseach le gnáthphlandaí, i.e. d'fhéadfadh an géinmhodhnú a thugtar isteach trí TGNanna tarlú go nádúrtha freisin nó d'fhéadfaí é a fháil trí ghnáthphórú. Tá na plandaí sin faoi réir nós imeachta fíorúcháin, ina suíonn údarás inniúil náisiúnta nó an Coimisiún go bhfuil siad coibhéiseach go deimhin le gnáthphlandaí. Nuair a dhearbhaítear iad, díolmhaítear plandaí TGN de chatagóir 1 ó cheanglais na reachtaíochta OGM.

15. Is éard atá i gCatagóir 2 ná plandaí TGN le modhnuithe níos casta nach bhfuil DNA eachtrach iontu. Tá na plandaí sin faoi réir nós imeachta um fhógra a thabhairt nó nós imeachta um údarú, i gcomhréir leis an reachtaíocht OGM. I gcodarsnacht le plandaí géinmhodhnaithe ina bhfuil DNA eachtrach, tairbhíonn plandaí TGN de chatagóir 2 de mhaoluithe teoranta ar an reachtaíocht OGM. Go háirithe, tá na ceanglais maidir le measúnú riosca agus faireachán níos solúbtha agus is féidir iad a oiriúnú de réir phróifíl riosca na bplandaí.

16. Maidir leis na **critéir choibhéis**e i ndáil le plandaí TGN de chatagóir 1 le gnáthphlandaí, coinnítear príomhghnéithe shainordú na Parlaiminte agus shainordú na Comhairle araon. Áirítear ar na heilimintí sin na cineálacha géinmhodhnuithe, teorainn le méid modhnuithe áirithe, chomh maith le teorainneacha le líon na ngéinmhodhnuithe i ngach seicheamh próitéinchódaithe agus i ngach planda. Cuirtear líon na dtacar crómasóim san áireamh sa teorainn fhoriomlán i ngach planda, chun castacht na ngéanóm plandaí a léiriú.

17. Sa bhreis ar na critéir choibhéise le gnáthphlandaí, tugtar isteach critéir a bhaineann le **hinbhuanaitheacht** le haghaidh plandaí TGN chun cáiliú do chatagóir 1, mar liosta diúltach (nó liosta eisiaimh) de thréithe in iarscríbhinn nua a ghabhann leis an Rialachán. Meastar go bhféadfadh tréithe ar an liosta diúltach éifeachtaí díobhálacha a bheith acu a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht. Má tá ceann de na tréithe a iompraíonn an planda TGN agus atá beartaithe lena iompar leis an ngéinmhodhnú ar an liosta sin, eisiatar an planda TGN ó chatagóir 1 agus dá bhrí sin tá sé faoi réir ceanglais údaraithe, inrianaitheachta agus faireacháin chomh maith le forálacha eile maidir le plandaí TGN de chatagóir 2.

18. Féadfaidh fógróirí agus iarratasóirí le haghaidh phlandaí TGN de chatagóir 2 tairbhiú de dhreasachtaí rialála áirithe amhail nós imeachta brostaithe le haghaidh measúnú riosca, tarscaoileadh táillí agus comhairle réamhthíolactha fheabhsaithe, más rud é go bhféadfadh ceann de na tréithe a iompraíonn an planda TGN agus atá beartaithe lena thabhairt tríd an ngéinmhodhnú rannchuidiú go dearfach leis an inbhuanaitheacht.

19. Le roinnt coimircí tugtar aghaidh ar ábhair imní maidir le drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ag **paitinniú** phlandaí TGN agus cleachtais cheadúnúcháin agus trédhearcachta ghaolmhara, e.g. maidir le rochtain póraitheoirí ar ábhar bitheolaíoch plandaí agus teicnící bitheolaíocha plandaí, agus rioscaí maidir le comhchruinniú margaidh.

20. Foráiltear leis an gcomhréiteach do Chód Iompair ina bhfuil gealltanais áirithe ó úinéirí paitinní agus ó ardáin cheadúnúcháin. Cé gur de chineál deonach é an Cód, déanfaidh an Coimisiún formhaoirseacht agus an Cód á tharraingt suas aige, déanfaidh sé faireachán ar a fheidhmiú agus, más iomchuí, déanfaidh sé gníomhaíocht bhreise, lena n-áirítear bearta reachtacha a mholadh.

21. Feabhsaítear trédhearcacht, rochtain agus deimhneacht dhlíthiúil freisin trí fhaisnéis a chur isteach maidir le paitinní nó iarratais fhoilsithe ar phaitinn chomh maith le dearbhú maidir le toilteanas sealbhóirí paitinne ceadúnú a dhéanamh ar théarmaí cothroma agus réasúnacha, atá le cur isteach leis an iarraidh ar fhíorú le haghaidh stádas TGN de chatagóir 1 agus le cur ar fáil go poiblí i mbunachar sonraí.

22. Foilseoidh an Coimisiún treoir chun cúnamh a thabhairt d'oibreoirí maidir le hábhair a bhaineann le maoin intleachtúil a bhaineann le plandaí, chun grúpa saineolaithe phaitinní phlandaí TGN a bhunú, agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchar phaitinniú phlandaí, thréithe agus theicnící TGN chomh maith le cleachtais cheadúnúcháin agus trédhearcachta ghaolmhara.

23. Tá plandaí TGN de chatagóir 1 díolmhaithe ó cheanglais **lipéadaithe**, ach amháin i gcás ábhar atáirgthe plandaí de phlandaí TGN de chatagóir 1. Leanfaidh ceanglais lipéadaithe na reachtaíochta OGM d'fheidhm a bheith acu maidir le plandaí TGN de chatagóir 2.

24. Ní fhéadfar plandaí ná táirgí TGN de chatagóir 1 ná de chatagóir 2 a úsáid i dtáirgeadh **orgánach**, d'ainneoin díolúine a bheith ag plandaí agus táirgí TGN de chatagóir 1 ó cheanglais na reachtaíochta OGM. Mar sin féin, ní hionann láithreacht theagmhasach nó dhosheachanta go teicniúil phlandaí agus tháirgí TGN de chatagóir 1 i dtáirgeadh orgánach agus neamhchomhlíonadh Rialachán maidir le táirgí orgánacha[9].

25. Tá **bearta cómhaireachtála** do phlandaí TGN de chatagóir 2 fós roghnach do na Ballstáit. Thairis sin, is féidir leis na Ballstáit fós **roghnú gan** plandaí TGN de chatagóir 2 **a shaothrú** ar a gcríoch. Dá bhrí sin, tá feidhm fós i ndáil leis an méid sin ag *status quo* na rialacha OGM atá ann cheana maidir le plandaí TGN de chatagóir 2.

26. Le hairteagal maidir leis **na rialuithe** a dhéanann na Ballstáit, tugtar athdhearbhú i ndáil le forfheidhmiú éifeachtach fhorálacha Rialachán TGN, gan oibleagáidí nua a thabhairt isteach do na Ballstáit anuas ar na hoibleagáidí rialaithe ón reachtaíocht atá ann cheana.

---

[9] Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle.

27. Neartaítear an clár **faireacháin** foriomlán a mhéid a bhaineann le tionchar phaitinniú phlandaí, thréithe agus theicnící TGN, chomh maith le cleachtais cheadúnúcháin agus trédhearcachta ghaolmhara; tionchar chur i bhfeidhm Rialachán TGN ar an earnáil orgánach; agus tionchar inbhuanaitheachta phlandaí TGN.

28. Maidir le formhór mór na ngnéithe a caibidlíodh le linn na gcruinnithe tríthaobhacha, bhí na comhreachtóirí in ann teacht ar fhoclaíocht chomhréitigh. Ó am go ham, ghlac an Chomhairle ina seasamh féin le gnéithe de sheasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh, mar shampla 'lamháltas i leith luibhicídí' a eisiamh ó chatagóir 1 mar thréith bheartaithe a chuirtear in iúl leis an ngéinmhodhnú. Os a choinne sin, ní raibh an Chomhairle in ann glacadh le gnéithe áirithe de sheasamh na Parlaiminte, mar shampla ceanglais lipéadaithe le haghaidh phlandaí agus tháirgí TGN de chatagóir 1 ar fud an bhiashlabhra. Mheas na comhreachtóirí, áfach, go raibh sé sin inghlactha i bhfianaise an phacáiste comhréitigh fhoriomláin a caibidlíodh agus a comhaontaíodh sa chruinniú tríthaobhach deireanach, lenar áiríodh lamháltais ón dá thaobh go háirithe i réimsí na gceanglas a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus paitinniú phlandaí TGN.

## IV. <u>CONCLÚIDÍ</u>

29. Tacaítear le haidhm an togra ón gCoimisiún sa seasamh ón gComhairle agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus tacaíocht á fáil ón gCoimisiún.

30. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta agus, a luaithe a ghlacfar é, go rannchuideoidh an Rialachán leis an nuálaíocht a éascú, leis an inbhuanaitheacht a mhéadú, le hiomaíochas earnáil agraibhia an Aontais a fheabhsú, agus le hardleibhéal cosanta don tsláinte agus don chomhshaol a choinneáil.